Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre
Eastern and Midland Regional Assembly

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2024** arna leasú
**Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pleanáil Úsáide Talún – Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2025 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus Cláir Áirithe) (Leasú) 2025**

**Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch don Réigiún Oirthir agus Lár Tíre**
**Réamhdhréacht ar an gComhairliúchán Poiblí**

Tugtar fógra leis seo de bhua Alt 31(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024 arna leasú (an tAcht) maidir le rún Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre tús a chur leis an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2019-2031 do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre ar fad. An cuspóir atá ag an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch athbhreithnithe (RSES) tacú leis an gCreat um Pleanáil Náisiúnta agus beartais agus cuspóirí eacnamaíocha an Rialtais a chur i bhfeidhm, rud a chuirfidh pleanáil straitéiseach agus creat eacnamaíoch fadtéarmach ar fáil d’fhorbairt an réigiúin thar thréimhse idir 10 mbliana agus 20 bliain.

Tá sé beartaithe Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) a dhéanamh (lena n-áirítear Measúnú Réigiúnach Riosca Tuile) agus Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí, agus céimeanna a tharlaíonn tar éis na measúnachta cuí, de réir mar is gá, mar chuid den athbhreithniú ar an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, agus chuige sin, ullmhóidh an Tionól Réigiúnach tuarascáil timpeallachta ar na tionchair is dóchúla a bhaineann leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch athbhreithnithe a chur i bhfeidhm agus cáipéisí a bhaineann leis an bpróiseas (na próisis) maidir le Measúnacht Chuí/Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí.

Chun díospóireacht agus rannpháirtíocht sa phróiseas a spreagadh, d’ullmhaigh an Tionól Páipéar Saincheisteanna agus tá sé ar fáil le féachaint nó le híoslódáil ar a shuíomh gréasáin www.emra.ie agus is féidir féachaint air ag oifigí EMRA le linn na n-uaireanta oscailte. Pléann an Páipéar Saincheisteanna seo na nithe atá le plé sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (mar a shonraítear in Alt 29 den Acht, arna leasú), áirítear leis na saincheisteanna seo:

- Daoine agus Áiteanna
- Caighdeán na Beatha agus Áiteanna Sláintiúla
- Nascacht agus Bonneagar
- Timpeallacht agus Aeráid
- Pleanáil Spásúil na Mara agus Bainistíocht Chrios an Chósta
- Fuinneamh In-athnuaite Réigiúnach
- Forbairt Eacnamaíoch agus Fostaíocht
- Plean Straitéiseach an Limistéir Chathrach do Bhaile Átha Cliath

Iarrtar go ndéantar aighneachtaí i scríbhinn i leith athbhreithniú Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch a ullmhú agus go bpléitear pleanáil straitéiseach réigiúnach agus saincheisteanna eacnamaíocha don réigiún. Tá aighneachtaí le cur isteach idir an 26 Márta 2026 agus an 22 Bealtaine 2026 ag 5i.n. (an dá dháta sin san áireamh) trí **cheann amháin** de na meáin seo a leanas:

Ar líne: Tairseach d’aighneachtaí ar líne ag www.emra.ie

Post: Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, 3ú hUrlár Thuaidh, Ionad Cathartha Bhaile Munna, An Phríomhshráid, Baile Munna, Baile Átha Cliath, D09 C8P5

Pléifidh an Tionól Réigiúnach gach aighneacht a dhéantar sula n-ullmhaíonn sé Dréachtstraitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. Déanfar gach aighneacht a admháil. Tabhair faoi deara go bhféadfaidh aighneachtaí a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin agus go bhfuil siad faoi réir Saorála Faisnéise.

Stiúrthóir: Clare Bannon